Parlaimint na hEorpa
2014 - 2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2017)0285

Bearta trádála uathrialaitheacha sealadacha a thabhairt isteach don Úcráin ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Iúil 2017 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta trádála uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin mar fhorlíonadh ar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais (COM(2016)0631 – C8-0392/2016 – 2016/0308(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0631),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0392/2016),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle trí litir an 29 Meitheamh 2017 chun seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón agus don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A8-0193/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo[1];

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an ngníomh reachtach críochnathach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú

[1] Glacann an seasamh seo ionad na leasuithe arna nglacadh an 1 Meitheamh 2017 (Téacsanna arna nglacadh P8_TA(2017)0236).

go suntasach;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2016)0308

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Iúil 2017 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta trádála sealadacha uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin mar fhorlíonadh ar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2017/1566.)